

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR Gas

post



Eagarfhocal

Tá sé ina phléaráca arís agus sinn ag déanamh ár mbealach chuig Inis Oírr d'Fhéile Phléaráca Chonamara 2013. Is í seo an 23ú féile atá reachtáilte ag Pléaráca ach is é an chéad uair againn ag tabhairt na féile go Inis Oírr.

Tríd na blianta bhí an-cheangal ag Pléaráca le hOileáin Árann, idir bheith tabhairt geamaireachtaí ar chamchuaire agus imeachtaí báid agus ceoil. Bhí Féile Phléaráca Chonamara ar siúl in Inis Mór in 2007 agus in Inis Meáin in 2009 agus táimid sásta anois go bhfuairamar an deis i mbliana Inis Oírr a bhaint amach.

D'eagraíomar an fhéile litríochta do dhéagóirí Fuint Focal in Áras Éanna in 2010 ar a fhreastal daltaí as Inis Oírr, Conamara agus Gaoth Dobhair. Bíonn daltaí Scoil Náisiúnta Chaomhán agus Meánscoil Ghobnaithe páirteach in imeachtaí Chlár Litríochta agus Drámaíochta Phléaráca ar bhealach éicint beagnach chuile bhliain, trí scríbhneoireacht chruthaitheach nó drámaíocht. In 2012, bhí Scoil Ghobnaithe páirteach sa togra léitheoireachta agus an Blag Idir Ghaeltachtaí a bhí dhá reachtáil ag Pléaráca agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Rinne Scoil Náisiúnta Chaomhán ceardlanna drámaíochta le Áine Uí Almhain faoin gclár in 2012.

De bharr an cheangal láidir seo atá ag Pléaráca leis an oileán tríd an óige, cheapamar gurb iad an óige a cheart tús a chur leis an bhFéile in Inis Oírr. Mar chuid de sheoladh na Féile ar an Aoine beidh mórshiúil ceolmhar, bríomhar, ag óige an oileán ag tosnú ag an trá agus ag déanamh a bealach suas chomh fada le hÁras Éanna. Beidh siad ag tabhairt leo laindéir solais a rinneadar i rith Ealaíon sna Scoileanna i ndeireadh mí Aibreán.

Tá téama an tsolais ag rith tríd féile na bliana seo. Tá sé 40 bliain ó tháinig leictreachas go Inis Oírr. Is féidir cuntas ar seo a léamh in alt a scríobh Mattie Ó Niaidh a bhí mar dhuine den foireann a chuir Bord Soláthar an Leictreachais isteach ar an oileán in 1973. D'úsáid Nuala Ní Fhlathúin an téama solas ar uisce don taispeántas ealaíne a chur sí le chéile d'ócáid na Féile. Mholfainn cuairt a thabhairt ar thaispeántas Nuala thar an deireadh seachtaine.

Is beag duine a thugann turas ar Inis Oírr nach mbíonn scéal acu ag dul abhaile agus tá muid cinnte go mbeidh neart scéalta ag daoine tar éis an Fhéile i mbliana. Mar chuid d'imeachtaí an tSatharn, beidh ócáid scéalaíochta Oíche an Bhéil Bheo: Inis Scéal, Inis Oírr ar siúl in Áras Éanna le scríbhneoirí, filí, amhránaithe agus scéalaíthe as Conamara agus Inis Oírr agus b'fhiú go mór a bheith i láthair chun iad a chloisteáil.

Ar ndóigh, ní Pléaráca a bheadh ann gan ceol, craic agus damhsa. Is féidir eolas faoi na seisiún a fháil sa chlár imeachtaí. Tá cur síos ar na himeachtaí le fáil san Iris chomh maith le scéalta as agus faoi Inis Oírr, agus ailt spéisiúla eile agus píosaí "nuachta" spráíúla.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine a thug cúnamh le heagrú na Féile, a scríobh píosaí nó a thug grianghraif don Iris.